# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2023

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaoích agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Ardleibhéal

## Scéim Mharcála

*Treoracha d'iarrthóirí:*

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | 60 marc<br>Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.<br>Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist. |
| **Roinn B** | 180 marc<br>Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist eile ar bith as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.<br>Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.<br>Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5. |
| **Roinn C** | 40 nó 80 marc<br>Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach nó ceist 4 (croí-ábhar) lena n-áirítear **cuid (a)** agus ceann amháin de **(b) nó (c).**<br>Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt. |

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*

- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Tábla na nGrád - 280/320**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| **1** | 288 - 320 | 252 -280 |
| **2** | 256 - 287 | 224-251 |
| **3** | 224 - 255 | 196 -223 |
| **4** | 192 - 223 | 168-195 |
| **5** | 160 - 191 | 140 -167 |
| **6** | 128 - 159 | 112 - 139 |
| **7** | 96 - 127 | 84 -111 |
| **8** | < 95 | < 83 |

7

**Nóta mínithe-Eacnamaíocht Baile 2023**

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D'fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Gan aon mharc bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⌇ | Leathanach bán |
| F | Pointe farasbairr lánmharcanna bronnta |
| P | Pointe farasbairr marcanna páirteacha bronnta |
| < | pointe/obair nár tugadh faoi |
| A | marc lascaine |
| P1 | bain 1 mharc. |

| | |
|---|---|
| P2 | bain 2 mharc. |
| P3 | bain 3 mharc. |
| P4 | bain 4 mharc. |
| P5 | bain 5 mharc. |
| P6 | bain 6 mharc. |
| P7 | bain 7 marc. |
| P8 | bain 8 marc. |
| P9 | bain 9 marc. |
| P10 | bain 10 marc. |
| SMM | Scéim Marcála Mhionathraithe |

I Roinn C, iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt sa roinn seo. Baineann Ceist C2 leis an ábhar roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh. Nuair a fhreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3, nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine i bhfeidhm ionas nach gcuirtear san áireamh i dtaca le hiomlán an pháipéir ach an marc is mó. Úsáidtear an nóta mínithe A chun a thabhairt le fios go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc lascaine -23 a chur i bhfeidhm chuirfeadh scrúdaitheoir an A, P10, P10, P3, chun -10 -10, -3 = iomlán -23 a chur i bhfeidhm.

| **Roinn A** | **60 marc** |
|---|---|

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Luaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag lipidí.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*teas a sholáthar don chorp, foinse fuinnimh, stóráiltear an fuílleach mar fhíochán saille, an corp a insliú; feidhmíonn sé mar chúltaisce fuinnimh, orgáin leochaileacha a chosaint, foinse vitimíní sailltuaslagtha A,D,E,K; foinse aigéad sailleach riachtanach e.g. líonoiléach; cheapfá go bhfuil do bholg lán, ocras a chur siar; laghdaíonn aigéid shailleacha neamhsháithithe colaistéaról; srl.*

**2.** Mínigh an téarma geilitíniú agus bíodh sampla cócaireachta **amháin** san áireamh i do fhreagra.

**2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

**Geilitíniú** – *nuair a théitear stáirse; atann, pléascann agus ionsúnn na gráinní stáirse an leacht; bíonn meascán glóthaí / tiubhaithe mar thoradh air seo; srl.*

**Sampla cócaireachta 1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

**Sampla -** *custard, anlann bán; taosrán; béilí pasta; risotto; srl.*

**3.** Ainmnigh **dhá** bhaictéar nimhithe bia agus tabhair sampla de bhia ardriosca difriúil a bhaineann le gach ceann díobh.

**Ainm na mbaictéar = 2** grádaithe (2:1:0) **bia = 1** (grádaithe 1:0) **x 2**

| Ainm baictéar nimhithe Bia | Bia ardriosca |
|---|---|
| *Salmonella* | *uibheacha; feoil; iasc; éanlaith; bainne; cáis; srl.* |
| *E. coli* | *bainne; cáis; feoil; uisce truaillithe; srl.* |
| *Listéire* | *cáis; paté; bianna cócaráil-fuaraigh; cálslá; bainne; feoil; uachtar reoite; bia mara; srl.* |
| *Clostridium botulinum* | *Iasc/bia stánaithe; feoil fholúsphacáilte; bainne; cáis; iógart; srl.* |
| *Clostridium perfringens /welchii* | *glasraí; srl.* |
| *Staphylococcus aureus* | *feoil; bainne; cáis; srl.* |
| *Bacillus cereus* | *Rís chócaráilte; gránaigh; luibheanna; srl.* |
| *Campylobacter* | *bainne; éanlaith; sliogéisc; srl.* |

**4.** Mínigh an téarma Bunráta Meitibileach (BRM).

**4 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

*an **t-íosmhéid**; an méid fuinnimh; is gá chun orgáin inmheánacha a choinneáil ag feidhmiú; teocht an choirp a chothabháil; nuair a bhíonn an corp ar a shuaimhneas; srl. Is pointe riachtanach an t-íosmhéid I do fheagra.*

Tabhair **dhá** thoisc a théann i bhfeidhm ar bhunráta meitibileach duine.

**2 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

*meáchan coirp; aois; inscne; slí bheatha; stádas sláinte; leibhéal gníomhaíochta; aeráid; toircheas; srl.*

**5.** Déan cur síos ar anlann ar bhonn roux agus tabhair sampla cócaireachta **amháin** de.

**2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*déantar é leis an méid céanna saille agus plúir; méideanna éagsúla leachta a chur leis; srl.*

**Sampla cócaireachta 1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*anlann bán; anlann peirsil; anlann cáise; anlann muisiriún; anlann béchamel; srl.*

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bianna le neart snáithín a chur san áireamh i réim bhia daoine fásta.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*scaoileadh mall glúcóis isteach sa sruth fola; cabhraíonn siad le colaistéaról fola a ísliú; laghdaíonn siad an baol i dtaobh galar corónach croí; cuireann siad téagar leis an réim bhia; cheapfá go bhfuil do bholg lán ina ndiaidh; cuireann siad dlús le himfháscadh; cuidíonn siad le neamhoird putóige a chosc; srl.*

**7.** Déan cur síos ar **dhá** athrú cheimiceacha a tharlaíonn nuair a dhéantar bia a chócaráil.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:1:0)

**imoibriú maillard** *imoibríonn aimínaigéid le siúcra le linn teas tirim, bíonn dath donn ann dá thoradh sin; srl.*
**caramalú** *leánn siúcra agus athraíonn sé go síoróip dhonn/caramal; srl.*
**deistriniú** *deistriní, foirmíonn slabhraí gearra polaisiúicrídí ar bhianna carbaihiodráití le linn teas tirim, rud cúis le donnú; srl.*
*glac le sonraí faoi oibreáin ardaithe ceimiceacha; srl.*

**8.** Ainmnigh triail anailíse céadfaí **amháin** a úsáidtear chun táirge roghnaithe a aimsiú as dhá shampla nó níos mó. **1 thriail @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*triail rogha péireáilte; triail rátála héadónaí; triail rangaithe tosaíochta; srl.*

Déan cur síos ar **dhá** úsáid éagsúla a bhaintear as anailís chéadfach i dtionscal an bhia.

***2* phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*táirgí nua a fhorbairt; féachaint an féidir le tomhaltóirí difríocht inbhraite a thabhairt faoi deara idir buntáirge bia agus táirge bia modhnaithe; chun táirgí bia féinbhranda a chur i gcomparáid le ceannairí margaidh brandáilte; dearbhú cáilíochta; srl.*

**9**. Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag saotharlanna anailísí phoiblí maidir le sábháilteacht bia.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*cinntíonn siad go bhfuil an bia atá ar fáil do thomhaltóirí sábháilte agus folláin; anailís a dhéanamh ar shamplaí bia agus uisce; bianna a thástáil chun comhlíonadh na reachtaíochta bia a dheimhniú; bianna a thástáil lena chinntiú go gcomhlíontar an lipéadú; samplaí bia agus uisce a thástáil don phobal i gcoitinne ar tháille a íoc; srl.*

**10.** Déan cur síos ar an Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht (ÍTF) (Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh mar a bhíodh) mar íocaíocht leasa shóisialaigh.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin; a íoctar le teaghlaigh ina bhfuil an saothraí i bhfostaíocht ar phá íseal; chun cáiliú ní mór do dhuine a bheith i bhfostaíocht lánaimseartha; bheith ag obair ar a laghad 19 uair an chloig in aghaidh na seachtaine; leanbh amháin ar a laghad a bheith aige/aici atá ina c(h)leithiúnaí; ioncam seachtainiúil aige/aici a thiteann faoi bhun suim shocraithe do líon an teaghlaigh; is ionann an íocaíocht a fhaightear agus 60% den difríocht idir glanioncam an teaghlaigh agus an teorainn ioncaim a bhaineann leis an teaghlach; srl.*

**11.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart is féidir le tomhaltóirí a dhéanamh ina saol laethúil chun truailliú an aeir a chosc/laghdú.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*foinsí fuinnimh a mbaineann níos lú truaillithe leo a úsáid e.g. gás, breoslaí gan toit; foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid e.g. fuinneamh gréine; siúl, rothaíocht nó iompar poiblí a úsáid nuair is féidir; gluaisteáin leictreacha a thiomáint; srl.*

**12.** Mínigh na cineálacha rátaí úis ar mhorgáiste seo a leanas.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Ráta seasta** *tá an ráta úis socraithe ar feadh tréimhse shocraithe; tá a fhios ag iasachtaí an méid beacht atá le haisíoc gach mí; srl.*

**Ráta athraitheach** *ardaíonn agus íslíonn rátaí úis le rátaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh; íocann iasachtaí níos mó má thagann ardú ar rátaí úis; íocann siad níos lú má thagann ar rátaí úis; srl.*

**13.** Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le gach ceann díobh seo a leanas nuair atá scéim choigiltis á roghnú agat.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Ús iníoctha** *athraíonn rátaí úis idir institiúidí airgeadais; athraíonn rátaí úis idir scéimeanna a chuirtear ar fáil; bíonn rátaí úis níos ísle i gceist le coigilteas gearrthéarmach; cuireann coigilteas fadtéarmach rátaí úis níos airde ar fáil; srl.*

**Rochtain ar chistí** *ligeann roinnt scéimeanna coigiltis do dhaoine airgead a tharraingt siar láithreach; tá sé seo oiriúnach do choigilteas gearrthéarmach; éilíonn scéimeanna eile airgead a infheistiú go fadtéarmach; d'fhéadfaí pionóis a thabhú as tarraingt siar nó tiontú ina airgead róluath; srl.*

**14.** Mínigh an chaoi a dtéann an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 chun tairbhe don tomhaltóir.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*tá sé mar aidhm aige an tomhaltóir a chosaint ach trédhearcacht a chinntiú i ngach comhaontú creidmheasa; cinntíonn sé go bhfuil siad soiléir agus sothuigthe; rialaíonn sé creidmheas tomhaltóra; sonraíonn sé an fhaisnéis nach mór a scríobh ar gach comhaontú creidmheasa; srl.*

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** eile ar bith as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.
Scríobh do fhreagra sa fhreagarleabhar ina bhfuil Roinn A.

**Ceist 1**

'Tá sé tábhachtach go nglacfadh déagóirí dóthain micreachothaitheach i rith bhlianta na ndéaga le go mbeidh siad in ann fás agus forbairt go barrmhaith.' (*Tuarascáil ar Shuirbhé Náisiúnta II maidir le Bia do Dhéagóirí 2021 arna chur in oiriúint ó iuna.net*)

**(a)** Ag baint úsáid duit as an eolas atá curtha ar fáil sa chairt, déan trácht agus tabhair mionchuntas ar an tábhacht a bhaineann le foinsí éagsúla iarainn a bheith san áireamh i réim bhia déagóra. Bíodh tagairt agat do **cheithre** fhoinse i do fhreagra.

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:1:0) (20 marc)

**Gránaigh bhricfeasta 22%** *roghanna treisithe; coirce atá ard go nádúrtha in iarann neamh-haem – leite; tá torthaí triomaithe & cnónna i múslaí; cineálacha caiscín atá ard i snáithín – tionchar ar ionsú iarainn; cuirtear é le Vitimín C; tá sé ar fáil go héasca; is féidir é a ithe agus tú ag imeacht leat; cabhraíonn sé le táirgeadh haemaglóibin; srl.*

**Feoil & táirgí feola 20%,** *is foinsí maithe iarainn haem iad feoil dhearg, ae agus putóg dhubh; is foinse mhaith phróitéin ALB í feoil do dhéagóirí atá ag fás; éagsúlacht feidhmeanna- bricfeasta, lón, dinnéar; tá sí ar fáil go héasca; b'fhéidir go mbeadh sí uireasach i réim bhia cailíní sna déaga; foinse thábhachtach chun ainéime a chosc, go háirithe i gcás cailíní atá ag míostrú; srl.*

**Arán & Rollaí 14%** *is foinsí maithe iad roghanna treisithe; síolta, cnónna & torthaí triomaithe; d'fhéadfadh cineálacha caiscín (aigéad fíteach) ionsú a chosc; cuirtear iad le Vitimín C; is éasca iad a chur san áireamh i réim bhia; bianna ilúsáideacha ar féidir iad a ithe ag am ar bith den lá; foinse iarainn agus fuinnimh do dhéagóirí a bhíonn i mbun spóirt; foirmíonn siad mióglóibin a iompraíonn ocsaigin chuig na matáin le haghaidh fuinnimh; srl.*

**Gráin, rís & pasta 10%** *d'fhéadfadh cineálacha donna cosc a chur ar ionsú iarainn; is éasca iad a chur san áireamh i réim bhia; lónta / dinnéir; sneaiceanna gasta; foinse iarainn agus fuinnimh do dhéagóirí a bhíonn i mbun spóirt; foirmíonn córais einsímí cille a chuidíonn le meitibileacht bhia agus a chuireann dlús léi; srl.*

**Glasraí & Prátaí 9%** *is foinsí maithe iad piseanna, pónairí & lintilí; is foinsí maithe iad glasraí glasa; pónairí soighe atá úsáideach i réimeanna bia veigeatóracha; tá éagsúlacht ar fáil; tá siad ilúsáideach; is foinse mhaith iarainn agus fuinnimh i bhfoirm stáirse iad prátaí; tá siad úsáideach do dhéagóirí a bhíonn i mbun spóirt; foinse Vitimín C chun cuidiú le hionsú; éagsúlacht úsáidí; bricfeasta, lón, dinnéar; príomhbhia i réimeanna bia traidisiúnta na hÉireann; srl.*

**Milseogra, 11%** *brioscaí & subha – bianna ard-siúcra, tá siad ar bharr-seilf na pirimide bia; tá cuid acu íseal in iarann; is foinse mhaith iarainn iad brioscaí agus barraí a bhfuil coirce iontu; torthaí triomaithe; tá siad úsáideach mar shneaiceanna; is féidir iad a ithe agus tú ag imeacht leat; d'fhéadfadh plúr caiscín a bheith san áireamh leo; srl.*

**Nithe eile 14%** *cnónna; síolta; púdar curaí; sneaiceanna; brioscáin fréamhacha; buíocán uibhe; is foinsí maithe iarainn iad; srl.*

**(b)** Luaigh na tosca a théann i bhfeidhm ar ionsú iarainn sa chorp agus déan cur síos orthu.

**4 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:0) (20 marc)

*iarann haem agus iarann neamh-haem a ithe le chéile; bia atá ard i Vitimín C; aigéadacht ó aigéad hidreaclórach sa bholg; tainniní; shnáithín chothaithe; aigéad fíteach; aigéad ocsaileach; rópróitéin; alcól iomarcach; srl.*

**(c)** Tabhair cuntas ar Vitimín C agus bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas: (20 marc)

- **feidhmeanna bitheolaíocha 4 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:0**)**

*táirgeadh collaigine; foirmiú fuileadán sláintiúil; cuireann sé dlús le créachta a leigheas; cothaíonn sé an córas imdhíonachta; cuidíonn sé le hionsú cailciam; cuidíonn sé le hionsú iarainn; gníomhaíonn sé mar fhrithocsaídeoir, rud a chuidíonn le galar croí agus ailse a chosc; cinntíonn sé gumaí agus fiacla sláintiúla; srl.*

- **iarmhairtí na heaspa 2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

*bíonn táirgeadh collaigine thíos leis; lagú fíocháin choirp; cneasú mall créachtaí; éiríonn an corp brúite go héasca; claonadh méadaithe i leith ionfhabhtaithe agus tinnis; scorbach; srl.*

- **airíonna. 2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

*criostalach; aigéadach; blas milis/géar; intuaslagtha in uisce; tá tionchar ag nochtadh don solas air; tá tionchar ag nochtadh d'aer air; scriosta ag alcailí; scriosta ag ocsaíodáis; frithocsaídeoir; srl.*

**(d)** Pléigh na treoirlínte is cóir do theaghlach a leanúint, nuair a bhíonn siopadóireacht na seachtaine á déanamh acu ar bhuiséad teoranta, chun soláthar a dhéanamh dá riachtanais chothaitheacha. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc an ceann** (grádaithe 4:2:0)

Bíodh tagairt agat do bhuiséad teoranta agus riachtanais chothaitheacha.

*torthaí agus glasraí i séasúr, tá siad níos saoire agus is cothaithí iad ag an tráth sin; iasc a cheannach i séasúr; é a cheannach ar an mórchóir nuair is féidir; béilí a phleanáil; smaoineamh ar bhéilí is féidir a ullmhú i méideanna móra; costais chócaireachta; liosta a dhéanamh; tairiscintí a lorg; teorainn a chur le bianna áise, d'fhéadfaidís a bheith níos costasaí agus níl siad baileach chomh cothaitheach; táirgí cineálacha a cheannach in ionad táirgí brandáilte; an margadh is fearr a lorg – an praghas a sheiceáil do bhianna costasacha próitéine; gearrthacha feola níos saoire a cheannach, luach cothaithe comhchosúil; riachtanais réim bhia na mball teaghlaigh; pasta lánghráin, gránaigh atá ard i snáithín a roghnú; roghanna níos saoire; teorainn a chur le béilí réamhullmhaithe agus le béilí beir leat, go ginearálta tá siad níos costasaí; pirimid bia; feasacht ar lipéadú bia; srianta buiséid; srl.*

**Ceist 2**

'Molann saineolaithe cothúcháin 2-3 sciar d'iasc a ithe gach seachtain le haghaidh réim chothrom bhia.' (*www.goodfoodireland.ie*)

**(a)** Pléigh an tábhacht chothaitheach a bhaineann le hiasc sa réim bhia. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:3:2:1:0)

Cothaitheach 1; cineál 1;feidhm/cothaithe 2

*Próitéin (16-18%), bia ALB; aictin, mióisin, collaigin; foinse aimínaigéad riachtanach; srl.*
*Saill (0-18%), saill il-neamhsháithithe in iasc olúil; óimige 3; gan aon saille le fáil in iasc geal; tá colaistéaról i sliogéisc; foinse vitimíní A,D,E,K; aigéid shailleacha riachtanacha a sholáthar; srl.*
*Vitimíní (1%) vitimíní ghrúpa B, $B_6$; $B_{12}$; tá Vitimín A in iasc olúil agus aenna iasc geal agus sliogiasc; Vitimín D; tá Vitimín C in oisrí; srl.*
*Mianraí (1%) is foinsí maithe iarainn neamh-haem iad sliogéisc; is foinse cailciam iad iasc stánaithe; iaidín; sinc; potaisiam; fosfar; srl.*
*Uisce (65-80%) athraíonn an t-ábhar ag brath ar an gcineál éisc; dá airde an cion uisce is ea is lú an cion saill; srl.*

**(b)** Tabhair mionchuntas ar phróiseas **amháin** a úsáidtear chun cur le seilfré éisc.
Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- ainm **1 @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)
- bunphrionsabal **3 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- iarmhairtí. **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (18 marc)

| Próiseas | an bunphrionsabal | iarmhairtí. |
|---|---|---|
| *Reo* | *cuireann teochtaí an-íseal -30°C bac ar fhás miocrorgánach; is oighear tiontaithe é uisce agus mar sin níl sé ar fáil; tá einsímí díghníomhaithe; cuirtear cosc ar dhó reoiteora má chlúdaítear an bia. Baineann folúsphacáil ocsaigin a chuireann cosc ar athiontráil miocrorgánach; srl.* | *níl aon athrú ar an dath; níl aon athrú ar an mblas; tá athrú ar an uigeacht nuair a reoitear filléid éisc ar an bpláta; cailltear roinnt vitimín B; cailltear roinnt eastóscach; dó reoiteora; bréine ocsaídiúcháin mura gclúdaítear é; srl.* |
| *Sailleadh/Cur faoi sháile* | *cuireann salann bac ar fhás miocrorgánach; íoslaghdaíonn gníomhaíocht einsímeach; osmóis a dhíhiodráitíonn na miocrorgánaigh; srl.* | *tá athrú ar an mblas; tá méadú ar an gcion salainn; tá athrú ar an uigeacht; srl.* |

| | | |
|---|---|---|
| *Deatú* | *Scriosann deatú miocrorgánaigh trí osmóis; moillíonn deatú fuar ag 27°C fás miocróbach; scriosann deatú te ag 80°C miocrorgánaigh;*<br>*Cuireann na ceimiceáin créasóid agus formaildéad cosc ar fhás miocrorgánach; srl.* | *tá athrú ar an dath; tá athrú ar an mblas; tá méadú ar an gcion salainn; tá athrú ar an uigeacht; srl.* |
| *Cannadóireacht* | *scriosann téamh go teocht ard suas le 140°C miocrorgánaigh;*<br>*scriostar einsímí;*<br>*cuireann séalú cosc ar athiontráil miocrorgánach; níl ocsaigin ar fáil; srl.* | *Tá athrú ar an dath; ar an mblas; ar an uigeacht; cailltear vitimíní B; bogann cnámha; tá méadú ar an méid calraí agus saille má tá siad stánaithe in ola nó in anlann; tá méadú ar vitimíní A agus D má tá siad stánaithe in ola; tá méadú ar an gcion salainn má tá sé stánaithe i sáile; srl.* |
| *Folúsphacáil* | *baintear ocsaigin, ag cur cosc ar fhás miocróbach; bréine ocsaídiúcháin; cuireann sé cosc ar ghníomhaíocht einsímeach; cuireann séalú cosc ar athiontráil miocrób; srl.* | *níl aon athrú; ar an mblas; ar an uigeacht; níl aon chaillteanas cothaitheach; beidh athrú ar blas na n-iasc a phacáiltear i bhfolús in anlann agus d'fhéadfadh go mbeadh cion méadaithe salainn agus/nó saille ann.* |

**(c)** Déan cur síos ar an ról atá ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) i dtionscal an bhia.

**2 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:3:0) (12 mharc)

*comhordaíonn sé forfheidhmiú rialachán sábháilteachta bia in Éirinn; comhordaíonn sé córais mear-rabhaidh; cuireann sé comhairle ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara; cosnaíonn sé tomhaltóirí – bia sábháilte, faisnéis chruinn; oibríonn sé i gcomhar le tionscal an bhia lena chinntiú go bhfuil an bia a tháirgtear sábháilte le hithe (HACCP); gníomhaíonn sé nuair a sháraíonn áitreabh na rialacháin bhia; eisíonn sé fógraí feabhsúcháin; eisíonn sé orduithe dúnta; próiseálann sé iarratais ar bhianna núíosacha agus modhanna nua próiseála; srl.*

**Ceist 3**
'Tá daoine ag éirí níos trialaí ina gcuid roghanna cócaireachta.' (www.*bordbia.ie*)

**(a)** Pléigh na tosca a théann i bhfeidhm ar roghanna bia do theaghlaigh sa lá atá inniu ann.
(12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*cultúr; costas; gnéithe céadfacha; feasacht chothaitheach; stádas sláinte; saincheisteanna sláinte a bhaineann le réim bhia; inbhuanaitheacht bia; bunús bia; eitic bia; patrúin itheacháin; stíl mhaireachtála; tá fáil air; margaíocht; fógraíocht; tionchairí; srl.*

**(b)** Déan próifíl de bhia breisluacha a ndearna tú staidéar air.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- Ainm **2 mharc** (grádaithe 2:0)
- céimeanna den táirgeadh **6 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- pacáistiú agus lipéadú **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (26 marc)

ní mór gur bia breisluacha é

*Cáis*
*bainne paistéartha; cuirtear saothrán baictéar aigéid lachtaigh leis; athraíonn lachtós go haigéad lachtaigh; téitear bainne go 30 °C; cuirtear binid leis, téachtann sé an bainne; i ndiaidh 30-45 nóiméad, scarann an meascán ina ghruth agus ina mheadhg; gearrtar an gruth; déantar an meadhg a dhraenáil amach; téitear an gruth go 35-40 ° C; scalladh; gearrtar an gruth ina bhloic agus carntar ar a chéile é; déantar céadar de; cuirtear 2% salann leis; cuirtear an gruth i múnlaí agus brúitear é; spraeáiltear é le huisce te; baintear as múnlaí é; stampáiltear an dáta air; stóráiltear i ndálaí rialaithe ar feadh 3-12 mhí; déantar é a ghrádú; gearrtar i mbloic é agus déantar é a shéalú; srl.*

*Margairín*
*eastóscadh ola; hidriginiú; cumasc ; cuirtear uisce nó bainne bearrtha, salann, blastán agus/nó dathanna leis; déantar é a threisiú le Vitimín A agus D; eibliú – cuirtear leicitin leis; déantar na comhábhair a mheascadh i meaisín ar a dtugtar vótatóir; srl.*

*bianna cócaráil-fuaraigh; anraith; lasagne, rollaí ispíní, subha; glóthacha; salsa; iógart; uachtar reoite; srl.*

*pacáistiú agus lipéadú déantar é a chlúdach i scragall; tobáin phlaisteacha; polaitéin; páipéar céirithe; ainm branda; cineál; táirgeoir; an dáta ar fearr roimhe; faisnéis bheathaithe; stóráil; faisnéis ailléirgine srl.*

**(c)** Ainmnigh an ról atá ag cuibhitheoir fisiceach **amháin** a úsáidtear i bpróiseáil bia agus déan cur síos air.
(12 mharc)

**Ainm = 4 mharc, ról = 2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:0)

*Ainm: taisleáin; soirbíotól; mainníotól; ról: cosc ar chailliúint taise ó bhia; triomú agus cruachan; úsáidtear iad i prásóg, i gcácaí; srl.*
*Ainm: eiblitheoirí: leicitin; ailgionáití; ról: foirmíonn siad eibleachtaí idir uisce agus ola i mbia; cuireann siad cosc ar scaradh uisce agus ola i mbia; úsáidtear iad i maonáis, leatháin déiríochta; uachtar reoite; srl.*
*Ainm: oibreáin frithstolptha; carbónáit mhaignéisiam; ról: cosc ar stolpadh (frithstolpadh) i mbianna triomaithe; úsáidtear iad i meascáin chíste, i bpúdar bainne seacláide; srl.*

*Ainm: oibreán téachta; peictin: ról: gníomhaíonn sé mar oibreán téachta; úsáidtear í i subha, i nglóthacha agus marmaláidí; srl.*
*Ainm: cobhsaitheoirí: carraigínin; guma guair; ról: cosc ar scaradh eibleachtaí; úsáidtear iad in uachtar reoite, iógairt; srl.*
*Ainm: oibreáin frithspreachallaithe; leicitin; fosfáití; ról: cuirtear le saillte agus olaí cócaireachta iad chun spreachallú a chosc trí na braoiníní uisce a choinneáil scartha óna chéile; srl.*
*Ainm: oibreáin frithchúrtha; stéaráití; gliocóil; ról: cosc ar fhoirmiú cúir i leachtanna a tháirgtear go tionsclaíoch; srl.*
*Ainm: oibreáin theannta; clóiríd chailciam; sulfáit chailciam; ról: cosc ar bhogadh torthaí agus glasraí le linn próiseála; srl.*
*Ainm: maoláin; cailciam; ciotráit photaisiam; ról: aigéadacht an bhia a choimeád ag an leibhéal cuí; srl.*
*Ainm: gás pacáistithe; nítrigin; ról: nuair a thugtar nítrigin isteach i bpacáiste, cuireann sí an ruaig ar ocsaigin agus aon taise atá ar fáil; modhnaíonn sí an t-atmaisféar taobh istigh den phacáiste, moillíonn sí milleadh agus cuireann sí le seilfré an bhia; cosnaíonn nítrigin bianna leochaileacha taobh istigh den phacáiste óna bheith brúite le linn láimhseála; srl.*

**Ceist 4**

'Is gá do thomhaltóirí a bheith airdeallach an t-am ar fad chun iad féin a chosaint.'*(www.thecai.ie)*

**(a)** Pléigh conas a théann na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar bhainistíocht an tí.

- céimeanna i saolré an teaghlaigh
- patrúin fostaíochta
- luachanna. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
**pointe amháin ar gach toisc móide ceann amháin eile**

**céimeanna i saolré an teaghlaigh** *teacht na leanaí; líon leanaí; aoiseanna na leanaí; bíonn déagóirí níos páirtí maidir le cinntí a dhéanamh; d'fhéadfadh go mbeadh ioncam laghdaithe i gceist le daoine scothaosta; aclaíocht laghdaithe; srl.*

**patrúin fostaíochta** *teaghlaigh a bhfuil dhá ioncam acu; teaghlaigh ar ioncam aonair; sealanna comaitéireachta; postroinnt; sealobair; ag obair ón mbaile; tuismitheoir amháin ag obair thar lear; srl.*

**luachanna** *inbhuanaitheacht; siopadóireacht áitiúil; rudaí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht; ábhar orgánach; srl.*

**(b)** Déan anailís ar conas a imríonn na teicnící éagsúla a úsáideann miondíoltóirí tionchar ar chaiteachas tomhaltóirí.

(20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
**2 phointe ar a mhéad faoi gach teicníc**

**Leagan amach an tsiopa** *bíonn tionchar aige ar an méid ama a chaitear sa siopa; leantar sreabhadh na bpasáistí agus feictear níos mó táirgí; suíomh na n-earraí i rannóga ar leith; etc;*
**preagthaí ar an láthair** *soilsiú; ceol cúlra; bolaithe deasa; samplaí srl.*
*suíomh táirgí bunriachtanais ar chúl an tsiopa; earraí ag cuntair amach; pasta agus anlainn le chéile; srl.*
**suíomh seilf** *só-earraí ar leibhéal na súl; táirgí atá dírithe ar leanaí ar leibhéal a súl; srl.*
**praghsáil** *ceannacháin iolracha; tairiscintí speisialta; teicníc treoirearra caillteanais; srl.*
**siopadóireacht ar líne** *moltaí maidir le roghanna eile nó táirgí comhlántacha; cad a cheannaigh daoine eile; seachmall an ghanntanais a chruthú; srl.*
**cártaí dílseachta** – *cúpóin phraghas ghearrtha; srl.*

**(c)** Déan cur síos ar conas is féidir leis na freagrachtaí atá ar thomhaltóir cuidiú leis/léi roghanna stuama a dhéanamh.

(10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*tá fios a gceart acu; cuireann siad iad féin ar an eolas faoi dhlíthe tomhaltóirí; eolas maith a bheith acu ar earraí agus ar sheirbhísí; feasach ar chothromaíocht idir an praghas agus an caighdeán; déanann siad gearán agus lorgaíonn siad cúiteamh; lipéid a léamh; acmhainní a úsáid go cúramach; seachnaítear dramhaíl; bheith feasach ar an timpeallacht; srl.*

**Ceist 5**
Institiúid shóisialta bhunúsach sa tsochaí is ea an teaghlach.

**(a)** Pléigh na hathruithe a tharla sa teaghlach ó lár an fichiú haois go dtí an lá atá inniu ann.

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0) (20 marc)

*struchtúr teaghlaigh; suíomh; róil tuismitheora maidir le cothromaíoch patrarcach; líon an teaghlaigh; caighdeán maireachtála; pósadh; ioncam teaghlaigh; caidrimh teaghlaigh; tacaíochtaí stáit; cumarsáid; cúram leanaí; comhionannas inscne; tionchar cúrsaí reiligiúin; srl.*

**(b)** Mínigh na téarmaí socheolaíochta seo a leanas:

- uilíocht an teaghlaigh
- gaol
- monagamas.

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (15 mharc)

**uilíocht an teaghlaigh** *tá an teaghlach i gceist i mbeagnach gach sochaí aitheanta; d'fhéadfadh go mbeadh cuma éagsúil ar an teaghlach ó shochaí amháin go sochaí eile; srl.*
***gaol*** *caidrimh; ceangail teaghlaigh; naisc theaghlaigh; caidrimh fola; sinsearacht choiteann; ginealach coiteann; srl.*
**monagamas** – *comhchaidreamh a bheith le páirtí amháin ag aon am; srl.*

**(c)** Déan cur síos ar rogha dhleathach **amháin** atá ar fáil in Éirinn do lánúnacha nuair a theipeann ar a bpósadh. (15 mharc)

**Ainm 1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, cur síos 3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**gníomhas idirscartha** socrú a chomhaontaíonn lánúin le linn na idirghabhála; dréachtaíonn an t-aturnae é; comhaontaíonn siad go gcónóidh siad in áiteanna difriúla; socruithe maidir le freagracht as cúram leanaí i gcás leanaí ar cleithiúnaithe iad; méid na cothabhála atá le híoc le céile agus leanaí atá ina gcleithiúnaithe; socruithe maidir le húinéireacht agus áitíocht theach an teaghlaigh; cearta na gcéilí chun oidhreacht a fháil óna chéile; srl.
**idirscaradh breithiúnach** deonaíonn *an* chúirt é murar féidir le lánúin teacht ar chomhaontú idirscartha nó mura bhfuil ach céile amháin ag iarraidh scaradh; áirítear leis na forais le haghaidh idirscaradh breithiúnach adhaltranas; tréigean; iompar míréasúnach; gan aon ghnáth chaidreamh pósta ar feadh bliana ar a laghad; céilí a chónaíonn óna chéile ar feadh bliain amháin roimh an iarratas (toiliú ón mbeirt chéilí) nó a chónaíonn óna chéile ar feadh trí bliana (nuair nach dtugann céile amháin toiliú); déanann an chúirt orduithe breise maidir le coimirce leanaí agus cead cuairte ar leanaí; cothabháil; leithdháileadh réadmhaoine; cearta comharbais a chur ar ceal;
**neamhniú dleathach** – tá cead ag páirtithe pósadh; ní féidir le ceachtar páirtí cothabháil a éileamh; níl sé de cheart ag ceachtar páirtí bheith páirteach in eastát páirtí eile; níl aon tionchar aige ar chearta leanaí atá ina gcleithiúnaithe; srl.
**colscaradh** – is féidir le céile ar mian leis deireadh a chur le pósadh dlíthiúil reatha iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar fhoraithne colscartha; má chónaíonn céile scartha óna chéile le dhá cheann de na trí bliana roimhe sin ar a laghad; gan aon bhaol go mbeadh athmhuintearas ann; go bhfuil an chúirt sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta do chéilí agus leanaí atá ina gcleithiúnaithe; d'fhéadfaí orduithe breise a dhéanamh chun coimirce leanaí agus cead cuairte ar leanaí; réadmhaoin; cothabháil; tugann sé an ceart chun athphósadh; srl.

## Roinn C

Freagair **ceist amháin ar ábhar roghnach** as an roinn seo.
Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** 'Tá sé mar aidhm ag an scéim *Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo* in Éirinn, cuidiú le daoine aonair a dtithe a dhéanamh níos teo, níos sláintiúla agus níos saoire le rith.' (*www.seai.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar dhearadh intí an tí.
Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- tosca aeistéitiúla agus compoird
- feasacht timpeallachta

(20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0), **2 phointe ar gach ceannteideal + ceann amháin eile**

**tosca aeistéitiúla agus compoird** *gnéithe dearaidh; prionsabail dearaidh; seomraí a chruthú atá tarraingteach don tsúil; blas pearsanta; lucht tionchair agus treochtaí faisin reatha; úsáid a bhaint as treochtaí a bheidh i bhfaisean go héasca/ gasta; spásanna compordacha le cónaí iontu; oiriúnach do dhaoine aonair faoi mhíchumas atá neamhghníomhach; oiriúnach mar limistéir oibre; ilchuspóireach; éifeachtach ó thaobh téimh de; téamh criosach chun teochtaí/éagsúlacht leibhéal teasa a sholáthar; úsáid soilsithe; eirgeanamaíocht; srl.*
**feasacht timpeallachta** *tionchar na n-ábhar a úsáidtear ar an timpeallacht; táirge a chruthú; ag baint úsáid as táirge; táirge a chur de láimh; bunús na n-ábhar; orgánach/neamhorgánach; inbhuanaitheacht; ábhar a athúsáid; ábhar a athchúrsáil; athearraíocht a bhaint as ábhar; srl.*

**(ii)** Déan plé ar leibhéil an chompoird theirmigh maidir le **dhá** spás cónaithe éagsúla sa teach.

**2 phointe @ 6 mharc** (12 mharc)

**((seomra a aithint @ 2 mharc** (grádaithe 2:0) **plé @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0) **)x2**

*ag brath ar fheidhm an tseomra e.g. suí nó obair éadrom a dhéanamh 19°C go 23°C; is é an teocht mholta le haghaidh seomraí suí 17°C go 21°C; seomraí codlata 10°C go 16°C; cistineacha 15°C go 19°C; seomraí folctha 16°C go 19°C; moltar teocht íosta 20°C do dhaoine scothaosta; srl.*

**(iii)** Mínigh bunphrionsabal an teirmeastait agus pléigh conas is féidir é a úsáid sa teach.

(18 marc)

**Bunphrionsabal 4 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
**Úsáid sa bhaile – 2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**bunphrionsabal** *bunaithe ar phrionsabal an leathnaithe theirmigh; tá stiall dhémhiotalach ann, tá sé comhdhéanta de dhá mhiotal; leathnaíonn prás go héasca nuair a théitear é; ní leathnaíonn ionbhár ach de bheagán nuair a théitear é; nuair a úsáidtear teas leathnaíonn an prás agus lúbann an stiall; briseann sé seo an ciorcad leictreach agus múchann sé an fearas; ar a fhuarú filleann an stiall dhémhiotalach ar a cruth bunaidh agus cuireann sé seo an fearas ar siúl athuair; srl.*
***úsáid sa bhaile*** córas *téimh lárnaigh; radaitheoirí aonair; téitheoirí leictreacha; tumthéitheoirí; cithfholcadáin leictreacha; citil; oighinn; tóstaeir; cócaireáin mhalla; cuisneoirí; srl.*

**agus**

**1.(b)** 'Tá smaointe faoi shoilsiú mar chuid riachtanach de dhearadh spáis.'

(*www.homesandgardens.com*)

**(i)** Déan cur síos ar **cheithre** airí atá ag an solas agus tabhair sampla den chaoi a n-úsáidtear gach airí sa teach. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc**
**Ainm 4 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0), **cur síos 4 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0),
**sampla 4 @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

| **Airí** | **Míniú** | **Sampla** |
|---|---|---|
| *Frithchaite* | *Preabann gathanna solais as dromchla lonrach; srl.* | *scátháin; poirceallán snasta; dathanna éadroma ar bhallaí; péint lonrach; tíleanna balla gloinithe; srl.* |
| *Réscaipthe* | *Scaiptear gathanna solais nuair a théann siad trí shubstaintí tréshoilseach nó nuair a bhuaileann siad faoi dhromchla neamh-fhrithchaiteach; srl.* | *cuirtíní eangaí; gloine scamallach; scáthláin lampa thréshoilseacha; srl.* |
| *Ionsúite* | *Ionsúnn dromchlaí dorcha agus neamhlonrach gathanna solais; srl.* | *ballaí dorcha péinteáilte; ballaí brící; cloch; srl.* |
| *Scaipthe* | *Briseann gathanna solais a théann trí phriosma nó criostail síos ina ndathanna comhpháirte; srl.* | *coinnleoirí craobhacha; srl.* |
| *Athraonta* | *Lúbann gathanna solais nuair a théann siad trí ghloine thiubh nó dhroimneach; srl.* | *bríce gloine; gloiniú dúbailte; srl.* |

**(ii)** Mínigh an bunphrionsabal a bhaineann le cineál **amháin** soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh.

(10 marc)

**Ainm 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, bunphrionsabal 2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**Dlúthsholas Fluaraiseach / Soilse fluaraiseacha** déantar níos dlúithe é ach an feadán a lúbadh roinnt uaireanta; tá feadán gloine ann atá brataithe le fosfar; tá argón agus mearcair ann, nuair a shreabhann leictreachas téann leictreoidí ag gach ceann den fheadán gloine rud a fhágann go ngalaíonn mearcair; imoibríonn na gáis leis an sciath fosfair agus cuireann siad lonrú orthu dá réir; srl.
**LED (Dé-óid Astaithe Solais)** nuair a chuirtear leictreoidí ar siúl comhcheanglaíonn siad le poill laistigh den bholgán scaoileann siad fuinneamh (fótóin); is é an toradh air seo leictrealonracht; bearna banna fuinnimh an leathsheoltóra a chinneann an dath; srl.

**nó**

**1.(c)** 'Cuireadh iallach orainn le blianta beaga anuas athsmaoineamh a dhéanamh ar an gcaoi a mairimid inár dtithe. '(*The Irish Times*)

**(i)** Pléigh conas a théann tosca timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta i bhfeidhm ar rogha na stíleanna tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

**bí ag súil le pointe amháin a thagróidh do gach toisc**

**tosca timpeallachta** *éifeachtúlacht fuinnimh; radharc; ceantar máguaird; rialacháin tógála; ábhair áitiúla; aeráid; inbhuanaitheacht; srl.*
**tosca eacnamaíocha** *ioncam teaghlaigh; costas an tsuímh; méid an tí; stíl an tí; costas na n-ábhar; costais bhreise; billí an tí; acmhainneacht infheistíochta; luach athdhíola; srl.*
**tosca sóisialta** *rudaí a dtaitníonn agus nach dtaitníonn leis an duine ar bhonn pearsanta; suíomh; riachtanais teaghlaigh; ball teaghlaigh le riachtanais speisialta; an bhfuil sé ar fáil go héasca; stair / traidisiún; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an tionchar atá ag dó breoslaí iontaise sa teach.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- astaíocht a tháirgtear de bharr dó breoslaí iontaise **1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)
- slite a mbíonn tionchar aici ar an timpeallacht **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- straitéis a d'fhéadfadh teaghlaigh a fheidhmiú chun astaíochtaí a laghdú.
  **1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (12 mharc)

**Astaíochta***í – dé-ocsaíd charbóin; ocsaíd nítrigine; dé-ocsaíd sulfair; deatach; gal uisce; gás meatáin; srl.*

**tionchar ar an timpeallach***t méadú ar theocht; leibhéil na farraige ag ardú; athrú aeráide; beidh tionchar ar an talmhaíocht; scaipeadh galar tógálach; díobháil do phlandaí agus do bharra; laghdú ar sholas na gréine; athruithe ar dháileadh speiceas plandaí agus ainmhithe; srl.*

**straitéis a d'fhéadfadh teaghlaigh a fheidhmiú ar mhaithe le astaíochtaí a laghdú** *foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid; gás nádúrtha a roghnú in ionad ola; breoslaí gan toit a úsáid; amadóirí agus teirmeastait a úsáid ar chórais téimh; dó bruscair a sheachaint; gluaisteáin leictreacha; srl.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a)** Tugann ócáid speisialta deis do dhuine an tuiscint uathúil atá aige/aici ar chúrsaí stíl a chur ar taispeáint.

**(i)** Sceitseáil feisteas le caitheamh ag damhsa dheireadh an chúrsa agus déan cur síos air.

(12 mharc)

**Sceitse 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0), **cur síos 3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

**Sceitse** *ba chóir go léireofaí sonraí a bhaineann le gnéithe dearaidh .i. líne, cruth, comhréir, comhchuibheacht; a bheith lipéadaithe go soiléir; d'fhéadfaí dath fabraice a chur san áireamh; srl.*
**cur síos** *dath; dearadh; líne; comhréir; cruth; pócaí; séamaí; an cineál muiníl; muinchillí; fabraic; bailchríocha / airíonna fabraice; oiriúintí; srl.*

**(ii)** Mol fabraic a bheadh oiriúnach don fheisteas agus tabhair cúis le do rogha.

(6 mharc)

**Fabraic 3 mharc** (grádaithe 3:0), **cúis 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**fabraic** *síoda; sról; organsa; sreabhann; olann; línéadach; srl.*

**cúis** *éadrom; culaith ghaige; rímhín; go deas nuair a theagmhaíonn do mhéara leis; mín; neamh-statach; buan; roc-obach; ionsúiteach; srl.*

**(iii)** Ainmnigh prionsabal dearaidh **amháin** agus déan measúnú ar conas a bhaineann sé le d'fheisteas. (7 marc)

**Ainm 2 mharc** (grádaithe 2:0), **measúnú 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**cothromaíoch***t* d'fhéadfadh sé a bheith ingearach, siméadrach nó neamhshiméadrach; srl.
**béim** *baintear amach é trí úsáid dathanna; línte; gnéithe eile; níor chóir ach go mbeadh lár béime amháin i bhfeisteas; srl.*
**comhréir** *an gaol idir codanna den bhall éadaigh; srl.*
**rithim** *baineann sé le hathdhéanamh in éadaí; srl.*

**agus**

**2.(b)** Bíonn snáithíní éagsúla ina gcomhpháirt d'fhabraicí cumaisc agus bíonn airíonna comhcheangailte gach snáithín díobh ag na fabraicí cumaisc.

Scríobh próifíl d'fhabraic chumaisc **amháin**.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- táirgeadh na fabraice **3 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- airíonna na fabraice **3 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)
- na feidhmeanna a bhaintear aisti **3 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

(15 mharc)

**Táirgeadh na fabraice**
*Cumasc: Olann agus Níolón*
*olann déantar lomra a ghrádú; a ghlanadh; a spíonadh; srl.*
*níolón déantar dhá cheimiceán a mheascadh le chéile agus a théamh; nascann móilíní chun filiméad fada a tháirgeadh; déantar níolón te a scairdeadh ó scoilt i mbonn na soithí cruach; srl.*

*Cumaisc Cadás agus Poileistir*
*cadás déantar cochall a bhailiú, baintear snáithíní cadáis; snitear ina shnáth é; srl.*
*poileistir cruthaítear leacht slaodach, brúitear amach trí phoill mhíne í i soc nó svíomhadán; soladaíonn filiméid nuair a fhuaraítear iad; srl.*
*Cumasc culaith chabhlach/snáitheanna a mheascadh trína fhí le chéile sa dlúth agus san inneach; srl.*

**Airíonna**
*olann te; ionsúiteach; bog; láidir; buan; is éasca í a loisceadh; déanann leamhain damáiste di; déantar damáiste di má nitear go míchúramach í (crapann agus feiltíonn sí); déantar caitín di; d'fhéadfadh sí cur isteach ar craiceann i gcásanna áirithe; srl.*
*níolón láidir; te; leaisteach; éadrom; srl.*
*cadás láidir; buan; ionsúiteach; éasca le ní; fionnuar i gcoinne an craiceann; éasca le dathú; níl aon leaisteachas ag baint leis; crapann sé; dónn sé; srl.*
*poileistear láidir; buanfasach; roc-obach; smálfhriotaíoch; culaith ghaige mhaith; srl.*

**Na feidhmeanna a bhaintear aisti**
*éadaí; feistis bhoga; cumhdaitheoireacht; línéadach leapa; srl.*

**nó**

**2.(c)** 'Tá tionscal na n-éadaí seanré ag fás 25 uair níos tapa ná an margadh miondíola ar an iomlán.'
(*www.rediscoverycentre.ie*)

**(i)** Pléigh teacht chun cinn éadaí seanré mar nós faisin reatha.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- patrún
- tionchair
- oiriúintí. (9 marc)

**3 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**patrúin** *patrúin ráiteas dána; cuidsúlach; stíl reitreo; atmaisféar cúláilte; stíl ar leith; srl.*

**tonchair** *tionchair chomhaimseartha; inbhuanaitheacht; úsáid fabraicí orgánacha; stíl in airde; uaschúrsáil; srl.*

**oiriúintí** *tarraingíonn siad aird ar áit; déanann siad feisteas níos gile; cuireann siad feabhas ar an dreach; ceanglaíonn siad feisteas le chéile; uaschúrsáil; stíl in airde; cuireann siad cuma na seanré ar fheistis; srl.*

**(ii)** Ainmnigh deis ghairme **amháin** i dtionscal na n-éadaí agus na dteicstílí agus tabhair sonraí fúithi.
(6 mharc)

**Ainm – 1 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0), **sonra - 1 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*dearthóirí faisin; táilliúir; muilneoir; iriseoirí faisin; grianghrafadóirí; mainicín; gruagaire; monaróir éadaí; lucht fógraíochta; blagaire; cúntóir miondíola; srl.*

# Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** 'Faoi láthair, tá sainmhíniú as an nua á dhéanamh ar chineál na fostaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain.' *(www.skillnetireland.ie)*

**(i)** Déan plé ar an mbealach a bhfuil tionchar ag an teicneolaíocht agus ag solúbthacht níos mó maidir le huaireanta oibre ar phatrúin oibre agus ar obair a bheith ar fáil. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**Bí ag súil le pointe amháin maidir le teicneolaíocht agus pointe amháin maidir le cur le solúbthacht agus 3 phointe eile ar bith**

**Teicneolaíocht** *tá laghdú ar uaireanta oibre mar thoradh ar uathoibriú agus aschur méadaithe; tá seilbh glactha ag meaisíní ar roinnt cineálacha oibre agus cailltear poist mar thoradh air sin; méadú ar chumarsáid leictreonach dá bhrí sin is lú idirghníomhú sóisialta a bhíonn ann; tá sé deacair d'fhostaithe tarraing siar ón obair; ar fáil go héasca trí ghlaonna Zoom, r-phost; meath ar thionscail phríomhúla agus thánaisteacha; cailleadh post i ndéantúsaíocht; tá cuideachtaí ag athlonnú i dtíortha an Oirthir; méadú ar thionscail seirbhíse; srl.*

**Solúbthacht** *fleisc-am; am téarma; postroinnt; obair ón mbaile; saoire tuismitheora chun aire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois; sosanna gairme; uaireanta oibre laghdaithe; rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht saothair; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag teaghlaigh ina bhfuil beirt ag tuilleamh ar shaol an teaghlaigh.

Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- Ró-ualach ról
- coimhlint idir róil
- dáileadh fhreagrachtaí na dtuismitheoirí sa teach. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**Ró-ualach ról** *tarlaíonn sé nuair a fhéachann le duine amháin roinnt ról a dhéanamh ag aon am amháin; laghdú ar am fóillíochta laghdaithe; méadú ar strus agus teannas idir céilí agus baill eile den teaghlach; is deacair an t-am a fháil leis an dá ról a dhéanamh; d'fhéadfadh sé cur isteach ar sheansanna chun ardú céime a fháil; níl aon duine ar fáil chun aire a thabhairt do na baill teaghlaigh is leochailí; srl.*

**Coimhlint idir róil** *tarlaíonn sé nuair a thagann an méid a bhfuil duine amháin ag súil leis i ról amháin salach ar a bhfuiltear ag súil leis i ról eile; coimhlint maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhaíochtaí oibre agus baile; ní mór tús áite a thabhairt don obair nó don teaghlach; srl.*

**Dáileadh fhreagrachtaí na dtuismitheoirí sa teach** is mó atáthar ag brath ar fhearais coigilte saothair; *roinneann an bheirt pháirtithe ag roinnt na príomh chinntí eatarthu; bíonn níos lú ama ar fáil le caitheamh le leanaí; d'fhéadfadh cúnamh seachtrach seilbh a ghlacadh ar roinnt dualgais tuismitheora; bíonn baint ghníomhach ag tuismitheoirí le cúram leanaí; éiríonn leanaí níos neamhspleáiche; tá dearcadh dearfach ag leanaí ar fhreagrachtaí tuismitheora agus cúram baile; tá freagrachtaí breise ar leanaí níos sine; srl.*

**(iii)** Mol cineál **amháin** rogha cúraim leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí atá ag obair.
Déan anailís ar conas a fhreastalaíonn an rogha cúraim leanaí atá molta agat ar riachtanais an teaghlaigh. (15 mharc)

**Ainm 3 mharc** (grádaithe 3:0), **sonra 4 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*creis; feighlí leanaí; ball teaghlaigh; au pair; grúpaí iarscoile; grúpaí súgartha; montessori; naíonraí; srl.*

*suíomh ; uaireanta oscailte; costas ; timpeallacht shábháilte agus shláintiúil; cúramóirí/feighlithe leanaí iontaofa; oiriúnacht d'aois an pháiste; oiriúnacht do riachtanais an pháiste; áisiúlacht ; srl.*

**agus**

**3.(b)** 'Maireann duine as gach naonúr in Éirinn ar ioncam atá faoi bhun thairseach na bochtaineachta.'
(*fócas ar bhochtaineacht 2022, socialjusticeireland.ie*)

**(i)** Déan anailís ar an méid seo a leanas mar thosca a chuireann leis an mbochtaineacht in Éirinn sa lá atá inniu ann.

- timthriall na heaspa i gceantair thíreolaíochta
- an tionchar a bhíonn ag an bpolasaí sóisialta ar an mbochtaineacht. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0), **2 phointe ar gach toisc**

**timthriall na heaspa i gceantair thíreolaíochta** *limistéir i lár na cathrach agus limistéir uirbeacha ina bhfuil meath eacnamaíoch; ceantair thuaithe iargúlta agus neamhfhorbartha; eastáit mhóra tithíochta sóisialta; limistéir dífhostaíocht ard i gceist leo; srl.*
**An tionchar a bhíonn ag an bpolasaí sóisialta ar an mbochtaineacht** *freagraíonn an stát do riachtanais na ndaoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht; cuireann an córas leasa shóisialaigh íocaíochtaí ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh; cuidíonn sé le freastal ar a mbunriachtanais; d'fhéadfadh sé an bhochtaineacht a bhuanú freisin; d'fhéadfadh na híocaíochtaí a bheith flaithiúil; níos luachmhaire ó thaobh airgid de ná tuarastail ó phoist ar phá íseal; is beag tairbhe atá ann maidir le fostaíocht a lorg óir bheadh caillteanas airgid i gceist; roghnaíonn roinn daoine a bheith spleách ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; srl.*

**(ii)** Ainmnigh **dhá** scéim reachtúla a laghdaíonn caiteachas na dteaghlach atá ar ioncam íseal agus tabhair sonraí fúthu. (14 mharc)

**(Ainm 3 mharc** (grádaithe 3:2:0), **sonra 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)) **x2**

**Íocaíocht do Theaghlach atá ag Obair** *íocaíocht sheachtainiúil saor ó cháin d'fhostaithe a bhfuil leanaí acu; tacaíonn sí le daoine atá ar phá íseal; ní mór go mbeadh leanbh amháin ar a laghad ar cleithiúnaí é/í a bheith acu; ní mór go mbeadh an meánioncam seachtainiúil faoi mhéid áirithe do líon do theaghlaigh; tá an íocaíocht 60% den difríocht; srl.*
**Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua** *tá sé á reáchtáil ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; tá sé deartha chun freastal ar chostas éidí agus coisbhirt do leanaí ó theaghlaigh ar ioncam íseal; srl.*
**Scéim Breosla Náisiúnta** *tá sé de chuspóir aici cabhrú le teaghlaigh atá ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus nach bhfuil sé d'acmhainn acu soláthar a dhéanamh dá riachtanais teasa féin; srl.*
**scéimeanna cíosa leabhar** *tá sé á reáchtáil ag go leor scoileanna ar fud na tíre; gearrtar táille chun leabhair scoile a fháil ar cíos, atá mar mhaoin na scoile fós; srl.*
**cártaí leighis** *tástáilte ó thaobh acmhainne; á n-eisiúint ag an FSS; cuireann siad ar chumas shealbhóir an chárta agus a gcleithiúnaithe seirbhísí sláinte áirithe a fháil saor in aisce; áirítear ar na seirbhísí LG, drugaí agus cógais ar oideas, seirbhísí fiaclóireachta; srl.*

**cárta cuairte LG dóibh siúd** *nach gcáilíonn do chárta leighis; ceadaíonn sé cuairteanna saor in aisce ar dhochtúir teaghlaigh rannpháirteach; srl.*
**Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)** *cineál tacaíochta tithíochta sóisialta a sholáthraíonn gach údarás áitiúil; ní mór a bheith ar liosta feithimh tithíochta údaráis áitiúil; bíonn na faighteoirí freagrach as a n-áit chónaithe féin a aimsiú sa mhargadh cíosa phríobháidigh; íocfaidh údarás áitiúil an cíos ina iomláine go díreach leis an tiarna talún; Íocann faighteoir ÍCT ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil, bunaithe ar ioncam agus ar acmhainneacht íocaíochta; srl.*
**scéim Liúntais Morgáiste** *ar fáil do thionónta tí údaráis áitiúil ar mian leis/léi an teach atá ann cheana a thabhairt ar ais don údarás áitiúil agus teach príobháideach a cheannach/a thógáil; íoctar liúntas ar scála laghdaithe in imeacht 5 bliana; íoctar go díreach leis an iasachtóir morgáiste é; laghdaíonn sé íocaíochtaí morgáiste thar na tréimhse tosaigh; éascaíonn sé an t-aistriú ó chíos go morgáiste; srl.*

**nó**

**3.(c)** 'Tá athrú sóisialta ag tarlú go tapa sa tsochaí chomhaimseartha.
'(*An Grúpa Taighde i dtaobh Athruithe Sóisialta, wit.ie*)

**(i)** Déan anailís ar an tionchar atá ag an athrú sóisialta ar an teaghlach.

Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- dearcthaí ar an bpósadh a bheith ag athrú
- róil tuismitheoireachta
- rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a bheith méadaithe. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:3:0)

**1 phointe faoi gach ceannteideal**

**dearcthaí ar an bpósadh a bheith ag athrú** *tá cliseadh ar an aonad teaghlaigh núicléach traidisiúnta mar thoradh ar cholscaradh agus scaradh; méadú ar theaghlaigh chumaisc; athphósadh; méadú ar theaghlaigh aontuismitheora; lánúineacha in aontíos; méadú ar leanaí a thagann ar an saol lasmuigh den phósadh; méadú ar phósadh comhghnéis; srl.*

**róil tuismitheoireachta** *mná mar phríomhshaothraithe; fir ag fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt do leanaí; níos mó daonlathais idir tuismitheoirí; ról níos lárnaí a bheith ag leanaí i gcúrsaí teaghlaigh; cur chuige cothromaíoch maidir le cúram leanaí agus cúraimí tí; coimhlint idir róil de bharr teaghlaigh dhá ioncam; ró-ualach róil; riachtanas méadaithe le haghaidh cúram leanaí; srl.*

**rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a bheith méadaithe** *méadú ar ioncam indiúscartha; ró-ualach róil; coinbhleacht idir róil; méadú ar an ngá atá ann le cúram leanaí; líon teaghlaigh níos lú; iarrtar ar leanaí níos sine freagracht bhreise a ghlacadh; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar conas a chuireann an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 cosaint ar fáil do dhaoine óga ag an obair. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*teorainn a chur le líon na n-uaireanta is féidir le duine óg a bheith ag obair; is cion é leanaí faoi 16 bliana d'aois a fhostú go lánaimseartha; ní féidir le daoine faoi 14 bliana d'aois a bheith ag obair le linn an téarma scoile; ní féidir leo a bheith ag obair níos mó ná 7 n-uaire an chloig in aghaidh an lae le linn laethanta saoire, 35 uair in aghaidh na seachtaine; ní mór sos 30 nóiméad a bheith acu gach 4 uair an chloig; ní mór 2 lá scíthe a bheith acu in aghaidh na seachtaine; ní mór 21 lá saor a bheith acu; ní ceadmhach do dhaoine atá 15 bliana d'aois a bheith ag obair níos mó ná 8 n-uaire in aghaidh na seachtaine i rith téarma scoile; ní ceadmhach do dhaoine 16/17 mbliana d'aois a bheith ag obair níos mó ná 40 uair ina aghaidh na seachtaine; gan a bheith ag obair roimh 6 am nó tar éis 10 p.m.; ní mór d'fhostóir fianaise a fháil ar aois daoine óga; cead ó thuismitheoir nó caomhnóir; clár a choinneáil de na huaireanta oibre; ní mór an tÍosphá Náisiúnta a íoc in aghaidh na huaire dá ngrúpa aoise (faoi bhun 18 mbliana €7.91); srl.*

## Ceist 4 - Croí ábhar - 80 marc

Ní mór d’iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a) agus 4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** ‘Tá earnáil na feola in Éirinn ar cheann de na tionscail is tábhachtaí sa gheilleagar náisiúnta.’
(*www.ibec.ie*)

**(i)** Déan plé ar na bearta atá curtha i bhfeidhm i dtionscal bia na hÉireann lena chinntiú go bhfuil an fheoil sábháilte le hithe. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara sábháilteacht bia chun feidhme laistigh d’earnáil na feola; cinntíonn sí go bhfuil an fheoil a cheannaítear úr, sláinteach agus saor ó ghalair; cuireann sí reachtaíocht AE maidir le bianna de bhunadh ainmhíoch ó thíortha lasmuigh den AE chun feidhme; ní mór d'fheirmeoirí taifead a dhéanamh ar úsáid antaibheathach agus spreagthóirí fáis i dtáirgeadh ainmhithe chun a chinntiú nach bhfuil aon aistriú ann i gcás daoine; rialú ar bheatha ainmhithe; seamlais agus monarchana próiseála feola a chothabháil; déantar tástáil go tráthrialta ar ainmhithe le haghaidh galar; dian rialachán ar shainaithint beostoic agus inrianaitheacht feola; cinntíonn Scéim Dearbhaithe Inbhuanaithe Bhord Bia go gcuirtear caighdeáin arda maidir le leasa ainmhithe i bhfeidhm, go gcoimeádtar taifid chruinne ar gach beostoc, lena n-áirítear cóireálacha tréidliachta, chun inrianaitheacht iomlán a chinntiú; srl.*

**(ii)** Is bia ilfheidhmeach í an fheoil agus is féidir í a chócaráil ar bhealaí éagsúla.
Déan measúnú ar mhodh **amháin** chun feoil a chócaráil.
Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- ainm an mhodha cócaireachta **1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:0)
- bunphrionsabal **3 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- conas a théann an modh cócaireachta a roghnaíodh i bhfeidhm ar an bhfeoil **4 mharc @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

(24 marc)

**fiuchadh seoladh** *teas ag bogadh ó mhóilín go móilín laistigh den bhia; comhiompar - de réir mar a théitear uisce tagann laghdú ar a dhlúithe agus ardaíonn sé, rud a chruthaíonn sruthanna comhiompair; tarlaíonn sé ag 100°C; srl.*
**tionchair** athrú an datha; athrú na huigeachta; tá feoil tais fós; cailltear vitimíní B i leacht cócaireachta; cuirtear blas beag leis; srl.
**scalladh** seoladh; comhiompar; tarlaíonn sé ag 80°C; ar éigean go bhfuil ag fiuchadh; srl.
*tionchar athrú* beag ar dhath; ní bhíonn aon athrú ar bhlas; tá an fheoil tais fós; coinnítear grúpa vitimín B in uisce intuaslagtha; srl.
**Galú** déantar feoil *ghalaithe* a chócaráil i ngal uisce fiuchta; comhiompar; seoladh; 100+°C; srl.
**tionchair tionchar** beag aige ar dhath; ní bhíonn aon athrú ar bhlas; tá an fheoil tais fós; coinnítear grúpa vitimín B in uisce intuaslagtha; srl.
**stobhadh** *seoladh; comhiompar; méid beag leachta; ag 80-90°C; srl.*
**tionchair** *maothaíonn sé feoil; cuireann sé feabhas ar an blas le stoc blasta; athrú ar an dath; athrú ar an uigeacht; tá an fheoil tais fós; láisteann sé cothaithigh ina leacht cócaireachta; srl.*
**galstobhadh** *feoil atá forloiscthe i saill the; seoladh ; comhiompar; 80-90°C; i ruainne beag leachta; sáspan clúdaithe ar iarta; srl.*
**tionchair** *maothaíonn sé gearrthacha righne feola; coinníonn forloscadh an blas isteach; cuireann sé dath ar an bhfeoil; cuireann stoc blasta feabhas ar an mblas; láisteann cothaithigh ina leacht cócaireachta; srl.*

**Brúchócaireacht** *teochta arda; seoladh; comhiompar; méadú ar an mbrú laistigh den bhrúchócaire; srl.*
**tionchair** *déantar an fheoil a chócaráil go gasta; cuirtear leis an mblas nuair a chócaráiltear an béile i bpota amháin; ní chuirtear saill bhreise leis; coinníonn sé níos mó cothaitheach ná modhanna eile; maothaíonn sé feoil; srl.*
**Róstadh;** *seoladh; comhiompar; 175-230°C; i saill bheag san oigheann; róstadh pota i sáspan clúdaithe ar iarta; srl.*
**tionchair** *cuireann bealú leis an taise; cuireann saill atá ag leá leis an mblas; tagann athrú ar an dath; maothaíonn sé feoil; d'fhéadfadh sé go bhfoirmeodh uigeacht bhriosc; cailleadh vitimíní ghrúpa B; tugann teochtaí arda ar an bhfeoil crapadh; srl.*
**Gríoscadh/Beárbaiciú** *teas lasta; seoladh; séalaíonn teas dromchla an bhia; srl.*
*tionchair* coinníonn séalú dhromchla na feola cothaithigh isteach; tagann athrú ar an dath; forbraíonn maranáidiú feola an blas; cuireann sé taise leis; cailleadh vitimíní ghrúpa B; srl.
**Friochad***h seoladh; comhiompar; ola the/séalaíonn saille an dromchla lasmuigh den fheoil;*
**tionchair** *cuireann sé leis an gcion saille; foirmíonn bailchríoch bhriosc ar an bhfeoil; cuireann sé blas leis; cailltear roinnt vitimíní ghrúpa B srl.*

**(iii)** Luaigh cineál ábhair a bheadh oiriúnach chun bianna somheata a phacáil.
Déan an t-ábhar a luadh a mheas maidir lena oiriúnacht don fheidhm agus maidir lena thionchar ar an timpeallacht.

(14 mharc)

**Ainm @ 4 mharc (grádaithe 4:2:0), 2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
1 tagairt d'oiriúnacht don fheidhm , 1 tagairt do thionchar ar an timpeallacht

*Buidéil ghloine, cosnaíonn prócaí ó éilliú; is éasca iad a mhúnlú i raon cruthanna agus méideanna; daite nó trédhearcach; d'fhéadfaidís próiseáil teasa a sheasamh gan scoilteadh; srl.*
*in-athchúrsáilte 100%; laghdaíonn siad truailliú; laghdaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa; caomhnaíonn siad amhábhair; tá siad ath-inúsáidte; tá siad neamh-bhithmhillte; d'fhéadfadh diúscairt mhíchúramach a bheith contúirteach d'ainmhithe; srl.*
*Miotal alúmanam, cartáin scragall, cruach dhosmálta – cosnaíonn siad ó éilliú; tá siad áisiúil le stóráil; éasca a chruachadh; d'fhéadfadh sé próiseáil teasa a sheasamh*
*in-athchúrsáilte, laghdaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa; laghdaíonn siad truailliú; caomhnaíonn siad amhábhair; tá siad ath-inúsáidte; tá siad neamh-bhithmhillte; srl.*
*Páipéar cartáin chéirithe, páipéar gréiscdhíonach, cairtchlár – cosnaíonn sé ó éilliú; tá sé saor le táirgeadh; éadrom; d'fhéadfaí priontáil air; d'fhéadfaí é a athshéalú; srl.*
*in-athchúrsáilte, laghdaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa; laghdaíonn siad truailliú; caomhnaíonn siad amhábhair; tá siad ath-inúsáidte; tá siad neamh-bhithmhillte; srl.*
*Cartáin phlaisteacha, coimeádáin, málaí, folúsphacáilte - taise-dhíonach; saor le táirgeadh; éadrom; buan agus láidir ag brath ar an gcineál; d'fhéadfaí priontáil air; srl.*
*in-athchúrsáilte; laghdaíonn siad astaíochtaí gáis ceaptha teasa; laghdaíonn siad truailliú; caomhnaíonn siad amhábhair; tá siad ath-inúsáidte; tá siad neamh-bhithmhillte; d'fhéadfadh diúscairt mhíchúramach a bheith contúirteach d'ainmhithe; déantar iad as acmhainní teoranta agus neamh-ath-inúsáidte srl.*

**agus**

**4.(b)** Cuimsíonn an saol laethúil mórán beart a éilíonn caiteachas tomhaltóirí.

**(i)** Déan measúnacht ar na tosca socheacnamaíochta a bhfuil tionchar acu ar chaiteachas an teaghlaigh.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**Céim an teaghlaigh** *íocaíochtaí morgáiste; teastaíonn cúram leanaí ó theaghlaigh a bhfuil leanaí óga acu; costais scoile; tá morgáiste íoctha ag daoine scothaosta; d'fhéadfadh ioncam níos ísle a bheith acu mar sin tá ioncam indiúscartha níos lú acu; srl.*
**Cúinsí teaghlaigh** *riachtanais speisialta; tuismitheoir scothaosta;*
*Inscne tá níos mó ban sa lucht saothair; tá dhá ioncam ag teaghlaigh; tá níos mó ioncam indiúscartha ann; srl.*
**Aicme shóisialta** *fágann roinnt daoine ó chúlra níos boichte an scoil níos luaithe gan cháilíochtaí; d'fhéadfadh dífhostaíocht a bheith mar thoradh air seo, spleáchas ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; bíonn deiseanna oideachais níos fearr go ginearálta ag daoine a bhfuil cúlraí meánaicme acu, is mó an seans go mbainfidh siad cáilíochtaí amach a mbeidh poist le pá níos fearr agus caiteachas níos lánroghnaí mar thoradh orthu; srl.*
**Cultúr** *díríonn roinnt cultúr níos mó ar riachtanais a sholáthar; caitheann cultúir níos saibhre níos mó ar shó an tsaoil, ioncam indiúscartha; cuireann cultúir áirithe srian ar mhná a bheith ag obair lasmuigh den teach, rud a bhfuil tionchar aige ar an méid airgid atá ar fáil le caitheamh; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcuidíonn an stát leis an teaghlach chun a fheidhmeanna eacnamaíochta a chomhlíonadh sa tsochaí.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*íocaíochtaí leasa shóisialaigh; pinsin; sochar linbh; liúntas éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua; soláthar deontas do mhic léinn tríú leibhéal; soláthar scéimeanna tithíochta sóisialta; liúntais bhreosla; cárta leighis; srl.*

**nó**

**4.(c)** ''Tá muintir na hÉireann ag déanamh níos mó cócaireachta sa bhaile agus tá athrú suntasach tagtha ar an gcaoi a ndéanaimid siopadóireacht le haghaidh bia agus ar an gcaoi a ndéanaimid bia a chócaráil agus a ithe.' (*The Irish Times*)

**(i)** Déan measúnú ar an méid a chuireann an t-oigheann micreathonnach le bainistíocht an tí.

(15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*bia a chócaráiltear go tapa; úsáidtear níos lú fuinnimh; d'fhéadfaí bia a ath-théamh; sábháilte le húsáid ag leanaí agus /daoine scothaosta; is beag scileanna atá de dhíth ort; níl gá le suiteáil; d'fhéadfaí bia a chócaráil agus a sheirbheáil sa mhias chéanna; ilúsáideach; d'fhéadfaí bia a dhíreo; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar an bprionsabal oibriúcháin a bhaineann leis an oigheann micreathonnach.

(15 mharc)

**5 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*claochladán tá méadú ar an voltas tí; athraíonn maighnéatrón fuinneamh leictreach go fuinneamh leictreamaighnéadach; treoraíonn tonn-treoir na hoighinn mhicreathonnacha isteach sa chaibinéad; d'fhéadfaí oighinn mhicreathonnacha a fhrithchaitheamh; déantar iad a tharchur; déantar iad a ionsú sa bhia; téann oighinn mhicreathonnacha trí bhia 2-4 cm ar domhain; creathann móilíní bia go tapa mar gheall ar oighinn mhicreathonnacha; bíonn frithchuimilt ann mar gheall air agus táirgeann sé teas ard; scaipeann teas go lár an bhia trí sheoladh; ligtear d'am socraithe de réir mar a leanann na móilíní de chreathadh i ndiaidh am cócaireachta; donnaíonn griolladh ábhar measctha bia trí radaíocht; srl.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

## Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriuil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Caithfear faisnéis a chur i láthair faoi na cinnteidil cuí*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 144-160 |
| 2 | 128-143 |
| 3 | 112-127 |
| 4 | 96-111 |
| 5 | 80-95 |
| 6 | 64-79 |
| 7 | 48-63 |
| 8 | <47 |

## Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán: Anailís/Taighde** | **32 marc** |
|---|---|

**Taighde agus anailís** **(24 marc)**

***Banda A 19 - 24 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus* ***roinnt anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach agus teoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **(4 mharc)**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear*** *-1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.*
(*biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)
*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**

**Acmhainní:**

| **Pleanáil agus Ullmhúchán** | **8 marc** |
|---|---|

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (2 mharc)
- AOP E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

| **Cur i bhFeidhm** | **28 marc** |
|---|---|

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**
(*Ba chóir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)
***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda C 5 - 8*** *marc* (*bunúsach - ábalta*)
*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** **2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0) **(8 marc)**
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
*Aithint* (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias/tástáil.***

**Sábháilteacht/Sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
*Aithint* (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

| **Measúnúchán** | ***3 phointe @ 4 mharc*** | **12 marc** |
|---|---|---|

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas: (grádaithe 4:3:2:0)

**Cur i bhfeidhm**
***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe de na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d’úsáid acmhainní/do phleanáil.*
**Sainriachtanais** an taisc
***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

## Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm

### Tasc 1

*Tá riachtanais chothaithe an-ard ag páistí óga agus daltaí réamhscoile i gcomparáid lena dtoirt. Déantar nósanna cothaithe a bhféadann fanacht don saolré ar fad le linn na tréimhse ríthábhachtaí seo. (FSAI)*

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair phleanáil béilí nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do pháistí idir bliain amháin d'aois agus cúig bliana.
Agus na tosca seo a d'ainmnigh tú i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol biachlár **aon** lae (trí bhéile agus sneaiceanna) a bheadh oiriúnach do pháistí san aoisghrúpa seo.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. 2023

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *Riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a* ***bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí idir aon bhliain d'aois agus 5 bliana d'aois.***
- *Treoirlínte ábhartha i gcomhair phleanáil béilí le sainthagairt* ***do pháistí idir aon bhliain d'aois agus 5 bliana d'aois.***
- *Biachlár aon lae (trí bhéile agus sneaiceanna)*

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; cruthaíonn ráig fáis fhisiciúil an gá le hiontógáil gach cothaitheach; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do pháistí 1-5 bliana d'aois le cúiseanna faoi éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann; snáithín ard; iontógáil uisce; gaol idir vitimíní agus mianraí; mar.sh. Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; cothromaíocht fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; srl..*

**Treoirlínte do phleanáil béilí:** *úsáid phirimíde bia le cothromaíocht a chinntiú; éagsúlacht bhianna; ith 3 bhéile cothromaithe agus sneaiceanna folláine gach lá; bíodh baint ag páistí i roghnú bianna nua; tairg codanna beaga; tairg bianna nua in éineacht le bianna a thaitníonn; úsáid bianna i séasúr; seachain siúcra a cur le bianna; seachain sneaiceanna mí-fholláin agus bianna próiseáilte .i. salann ard, saill sháithithe & siúcra; tabhair leite/múslaí seachas gránaigh phróiseáilte brataithe le siúcra/seacláid; tabhair gránaigh bhricfeasta treisithe le Vitimín D & iarann; meascán de ghránaigh & aráin bán agus donn; codanna beaga de thorthaí agus de ghlasraí mionghearrtha a thugtar le linn an lae; tabhair torthaí/glasraí de dhathanna éagsúla; cuir teorainn le torthaí triomaithe; seachain salann a úsáid i mbianna & le linn cócaireachta; roghnaigh feoil thrua neamh-phróiseáilte; cuir bianna a thaitníonn agus nach dtaitníonn san áireamh; ná húsáid bianna ard siúcra/milseoga mar sónna/breabanna; seachain bianna spíosracha; tabhair pónairí agus lintilí; leachtaigh glasraí le feoil agus le hanlainn; déan glasraí a ghrátáil nó a mhionghearradh & cuir isteach iad le miasa príomhchúrsa; is cóir go mbeadh bianna éasca le cogaint & le díleá. úsáid anlainn chun feoil a dhéanamh bog; is cóir go mbeadh bianna éasca le láimhseáil; gearr bianna i gcruthanna; tairg méaróga bia le ligint do pháistí níos óige iad féin a chothú; tabhair uisce agus bainne in ionad deochanna siúcraithe; tanaigh súnna torthaí; seachain deochanna le caiféin; riar béilí ag amanna rialta; seachain bianna a fhriochadh; bain cnámha as éisc; cuir lóin phacáilte i mála fuar/ fuaraithe; uibheacha bruite go hiomlán; seachain bainne leathbhearrtha, bainne almóinne, bainne cnó cócó & bainne ríse; srl.*

**Miasa roghnaithe**
- **biachlár lá amháin (3 bhéile agus sneaiceanna)** (grádaithe 4:3:2:1:0)
- **ní mór riachtanais chothaithe do pháistí 1-5 bliana d'aois a chomhlíonadh**
- **ní mór príomhchúrsa a bheith ann (ón mbiachlár).**

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí idir 1 - 5 bliana d'aois. Treoirlínte i gcomhair phleanáil béilí – raon bianna/mias a oireann nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí 1-5 bliana d'aois etc., conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Féadann an chailliúint nirt teacht as an laghdú nádúrtha sa mhatánmhais agus ní bhíonn daoine chomh soghluaiste dá bharr.*<br>Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, ainmnigh na cúiseanna taobh thiar den chailliúint sa mhatánmhais agus sa neart. Déan fiosrú agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus na tosca is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'fhonn an chailliúint den mhatánmhais a chosc/a mhoilliú agus chun meáchan sláintiúil a choinneáil.<br>Agus na tosca a d'aithin tú i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol réimse **biachlár dhá-chúrsa** a oireann do phríomhchúrsa an lae le haghaidh an ghrúpa daoine seo. Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann de na príomhchúrsaí as do thaighde.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc**.** 2023 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *na cúiseanna taobh thiar de chailliúint mhatánmhaise agus le cailliúint nirt*
- *Riachtanais chothaithe chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil **d'fhonn cosc / moilliú ar chailliúint na matánmhaise** agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil*
- *Treoracha ábhartha nuair a bhíonn béilí á bpleanáil **d'fhonn cosc / moilliú ar chailliúint na matánmhaise agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil***
- *Réimse biachlár dhá chúrsa a oireann do phríomhbhéile an lae.*

**Fiosrúchán**

***Na cúiseanna faoi chailliúint matánmhais agus cailliúint nirt**: ag dul in aois; easpa cleachtaidh; calra íseal; réim bhia íseal próitéine; athlasadh; ailse agus cóireáil ailse; stróc; leibhéil íseal téististéaróin; IBS; galar céiliach; ró-úsáid alcóil; dónna; corda an dromlaigh/néarapaite galair & gortuithe; dian strus; srl.*

**Riachtanais chothaithe/chothaitheach:**

*cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla de mhicrea /mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine chun matánmhais a thógáil agus a choinneáil; dírigh ar 25-30 g próitéine i ngach béile;*

*Riachtanais carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam le cúiseanna faoin éagsúlacht a d'fhéadfadh a beith ann; snáithín ard; gaol idir vitimíní agus mianraí; m.sh. ionsú iarainn/Vitimín C; ionsú cailciam/Vitimín D; aigéid shailleacha óimige 3; ionsú vitimín D; cothromaíocht nirt i gcomparáid le leibhéil gníomhaíochta; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; srl.*

**Treoracha do Phleanáil Béilí**; *úsáid as pirimid an bhia d'fhonn cothromaíocht a chinntiú;*

*rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; úsáid bianna ina séasúr; iontógáil ceart leachtanna; 3 bhéile cothromaithe le próitéin ard; sneaiceanna le snáithín ard; bianna le snáithín ard; seachain bianna próiseálaithe – le salann, ard le saill sháithithe & siúcra; roghnaigh bianna treisithe; sneaiceanna folláine le próitéin ard; cuir isteach spionáiste, cuineo do fhás an mhatáin thrua; cuir cnónna mionghearrtha le sneaiceanna, sailéid, gránaigh bhricfeasta; úsáid púdar bainne chun cailciam, próitéin & cion na gcalraí a threisiú; seachain anlanna troma, bianna friochta agus an iomarca siúcra nuair a chuirtear próitéin isteach sa réim bia; seachain bianna domhain fhriochta; cuir isteach raon de thorthaí agus de ghlasraí le dathanna éagsúla; srl.*

- **Miasa roghnaithe - réimse biachlár dhá chúrsa** grádaithe (4:3:2:1:0)

  - **ba chóir na riachtanais chothaithe a shásamh mar a aithnítear iad do dhuine ag iarraidh cailliúint matánmhais a chosc / a mhoilliú agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil**
  - **ba chóir príomhchúrsa a bheith ann**

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

*Anailís na dtátal maidir leis an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán faoi bhainistíocht a dhéanamh ar réim bia d'fhonn cosc nó moill a chur le cailliúint matánmhais & neart & chun meáchan sláintiúil a coinneáil; cúinsí ar chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'fhonn cosc nó moill a chur le cailliúint matánmhais & neart ionas go gcoinneoidh siad meáchan folláin agus chun leordhóthanacht chothaitheach a chinntiú; cé na bianna atá oiriúnach / neamhoiriúnach, cé na gnéithe ar leith den phleanáil béilí ar chóir a chur san áireamh; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán srl.*

## Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta

**Tasc 3**

*Is gníomhaire téachta ilúsáide é geilitín ar féidir é a úsáid i miasa milse agus neamh-mhilis.*

Déan taighde ar an ngeilitín i dtaca le gach ceann díobh seo a leanas:

- na cineálacha geilitíne ar fáil
- conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bia
- bianna/miasa a léiríonn úsáid geilitíne
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leat nuair a úsáideann tú geilitín.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias a roghnaigh tú as do thaighde.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus /nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid geilitíne. 2023

**Príomhriachtanais an taisc:**
- na cineálacha geilitíne ar fáil.
- conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bia
- bianna/miasa a léiríonn úsáid geilitíne.
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leat nuair a úsáideann tú geilitín.
- mias a roghnaigh tú ina úsáidtear geilitín.

**Fiosrúchán:**

**Na cineálacha geilitíne atá ar fáil:** *geilitín phúdraithe; duillgheilitín; agar-agar; isinglass; srl..*

***Conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bianna: Geilitín phúdraithe****; spréigh púdar isteach i mbabhla a bhfuil 2-3 bordspúnóg leacht ann ( uisce/leacht an oidis); suaith agus fág go ndéanfaidh geilitín an leacht a mhaothú go mbeidh sé spúinsiúil; cuir an babhla i sáspan uisce ar éigean atá ag suanbhruith; lig don gheilitín tuaslagadh go hiomlán agus éirí trédhearcach; déan é a scagadh chun na píosaí craicinn a rinneadh a bhaint amach; lig dó fuaradh go teocht láimhe te; cuir leis an meascán é ag sruthú go socair á suaitheadh go maith; modh tapa ag baint úsáide as oigheann micreathonnach; srl.* ***Duillgheilitín:*** *maothaigh é in uisce fuar; má bhíonn níos mó ná duilleog amháin le maothú, déan iad a scagadh san uisce; clúdaigh na duillí go hiomlán; maothaigh iad go fairsingítear an geilitín & go n-éiríonn sé rocach; tógann a lán duillí níos mó ama; bain an geilitín amach as an uisce; fáisc go bog d'fhonn an bhreis uisce a bhaint, déan é a leá go mall thar teas bog (35$^0$C); suaith isteach sna comhábhair de réir a chéile; féadtar geilitín a úsáid le haghaidh tiúchana; téachta, glónrú, gléghlanadh. srl..*

**Miasa a léiríonn úsáid geilitín;** *cúróga fuara; múis; cístí cáise; bavarois; pannacotta; uachtar reoite; leamhacháin; bánghlóthach; traidhfilí uachtair; cogaintí glóthacha; paté; múnlaí feola / teirríní; glóthacha ( milis agus neamh-mhilis); srl.*

**Bunphointí ar chóir cuimhneamh orthu chun a chinntiú go n-éiríonn leat agus geilitín á úsáid:**
*úsáid an teocht is ísle is féidir le geilitín a thuaslagadh & déan é a théamh don am is lú; loitear cumas geilitíne le téachtadh má bhruithear é; déan geilitín a fhairsingiú le leachtanna fuara; cuir an geilitín tuaslagtha le bonn te chun cosc a chur leis an geilitín 'téadrú'; tógann geilitín dhá oiread ama le tuaslagadh má úsáidtear bainne nó uachtar; ná húsáid torthaí a bhfuil einsímí phróitéalaíocha iontu m.sh. anann, cíobhaí, sinséar, figí – stopann siad an geilitín ó thuaslagadh – cócaráil torthaí chun einsím a dhíghníomhachtú nó úsáid cinn stánaithe; féadann an iomarca siúcra an cumas chun téachtadh a chosc; neartaíonn táirgí déiríochta próiseas an ghlóthúcháin; íslíonn salann, súnna torthaí agus fíon (pH faoi 4) neart an gheilitín, méadaigh an cainníocht geilitín a úsáidtear; mura mbíonn duillgheilitín ar maos i gceart, lagdófar tuaslagadh an táirge; ná cuir duillgheilitín ar maos go ró fhada – tosaíonn sé ag briseadh síos ag lagdhú cumas tuaslagadh; fuaraigh meascán go comhcháilíocht ghealachán uibhe fuar sula gcuirtear geilitín leis d'fhonn torthaí, feolta, glasraí a fhuaidreamh; díscigh a leachtanna ó na solaid ar fad sula gcuirtear geilitín leo; cuir geilitín leis ón ard agus suaith chun múnlú stríoca geilitín a sheachaint; fuaraigh an mhias ar feadh 8 n-uaire a chloig ar a laghad; d'fhonn neamh-mhúnlú a éascú – spraeáil an múnla le hola sula líontar é, sruthlaigh le huisce fuar, agus neamh-mhúnlú ar siúl ísligh an múnla in uisce te ar feadh 5-10 soicind; stóráil miasa geilitín i gcoimeádán clúdaithe chun foirmiú craiceann rubarúil a sheachaint; srl.*

**Bia/mias roghnaithe-mias ina bhfuil úsáid geilitíne grádaithe á léiriú**

**mias 1 @4 mharc ( milis nó neamh-mhilis)** (grádaithe 4:2:0)

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus /nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid geilitíne.

**Tasc 4**

*Tá cineálacha difriúla agus blasanna arán ag éirí níos coitianta de bharr athruithe i riachtanais agus i mianta thomhaltóirí na hÉireann. (Bord Bia)*

Déan taighde ar na cineálacha difriúla arán atá coitianta faoi láthair le tomhaltóirí na hÉireann.
Déan fiosrú ar dhá mhodh éagsúla chun arán a dhéanamh agus mínigh na prionsabail atá i gceist i ngach modh.
Ullmhaigh agus bácáil cineál amháin aráin agus bain úsáid as ceann de na modhanna a bhfuil taighde déanta agat air.
Déan cur síos ar an bpacáistiú agus an lipéadú a mholfá chun arán a stóráil ionas go bhfanfadh sé úr agus go mbeadh an cur i láthair tarraingteach.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an infheidhmitheacht a bhaineann le harán a dhéanamh sa bhaile agus leis **(c)** an gcostas i gcomparáid le táirge ar fáil atá cosúil leis ar bhonn tráchtála
2023

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan fiosrú ar chineálacha arán atá coitianta le tomhaltóirí na hÉireann faoi láthair
- déan fiosrú ar dhá mhodh éagsúla chun arán a dhéanamh
- na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás
- pacáistiú agus lipéadú oiriúnach

**Fiosrúchán**

**Cineálacha difriúla arán atá coitianta faoi láthair:** *arán traidisiúnta donn/arán sóide bán; aráin ghiosta (neamh-mhilis & milis); aráin neamh-mhilis ( tráta/oinniún/luibh/cáis); aráin mhilse (úll/ banana/cainéal/seacláid); aráin saor ó ghlútan; aráin taos géar;aráin speilte; aráin GI íseal; aráin le síolta & aráin ilghránach; aráin leathan; aráin seagail; aráin bheorach; aráin phrátaí; srl.*

**Modhanna chun arán a dhéanamh agus na prionsabail atá i gceist i ngach cás.**

***Modh cuimilte isteach/modh fliuch/modh in éineacht;*** *úsáid sóid aráin, púdar bácála, giosta.*

***Modh cuimilte isteach:*** *tugtar aer isteach go meicniúil trí comhábhair thirim a chriathrú, saill a chuimilt isteach*

***Modh Fliuch / modh in éineacht:*** *buailtear na comhábhair ar fad le chéile; srl.*

***Sóid aráin:*** *décharbónáit sóidiam (alcaile) measctha le bláthach/ bainne géar (aigéad & leacht) táirgtear $CO_2$; srl.*

***Púdar bácála:*** *décharbónáit sóidiam (alcaile) + gealtartar (aigéad) + bainne/uisce (leacht) táirgtear $CO_2$; srl.*

***Bunphrionsabal:*** *Fairsingíonn & ardaíonn $CO_2$ agus brúnn sé suas an meascán de bharr teas an oighinn; éiríonn glútan leaisteach le taisiú agus ligeann sé don taos ardú nuair a fharsingíonn* ***$CO_2$****; téachtann glútan de bharr* ***teas*** *an oighinn; ionsuíonn gráinní stáirse uisce, atann siad, pléascann siad agus déantar geilitíniú orthu; éiríonn struchtúr an aráin níos daingne dá bharr; tarlaíonn imoibriú Maillard a chuireann le donnú; athraíonn stáirsí go deistrin: déantar crústa ar an arán; féadtar arán a dhéanamh agus modh in éineacht/modh fliuch á n-úsáid srl.*

***Giosta :*** *próiseas coipthe – briseann giosta siúcra síos agus déantar $CO_2$ agus alcól, tarlaíonn sé cheal ocsaigin; úsáidtear $CO_2$ d'fhonn arán a ardú, galaítear alcól san atmaisféar; sa phlúr, casann an einsím diastáis an stáirse go maltós; sa ghiosta, casann einsím maltáis an maltós go glúcós; casann einsím inbhéartáis an siúcrós go glúcós agus fruchtós, casann einsím síomáis glúcós agus fruchtós go $CO_2$ agus alcól; éiríonn glúcós leaisteach agus fairsingíonn an taos le linn profa; an gás atá ceannasaithe, fairsingíonn agus éiríonn sé nuair a dhéantar é a théamh; maraíonn teochtanna arda an oighinn an giosta & stopann an próiseas ardaithe; téachtann glútan; laghdaítear an teocht chun an táirge a chócaráil srl.*

***Aer****: féadtar* ***aer*** *a thabhairt isteach trí chriathrú, cuimilt isteach, bualadh, filleadh, bualadh agus fuineadh; déantar an t-aer a cheansú sa mheascán le meáin fhisiciúla, fairsingíonn aer le* ***téamh****, ardaíonn sé an t-arán agus cruthaíonn sé uigeacht éadrom srl.*

**Pacáistiú oiriúnach**: mála plaisteach pollta; mála páipéir; mála zipghlasála; coimeádáin phlaisteacha / stáin / chairtchláir; cásanna páipéir maisithe bácála ; ceangail; ribíní; etc. **Lipéadú:** ainm, dáta; comhábhair; srl. **Pacáistiú gan fiosrú -3 mharc.**

**Mias roghnaithe** – ainmnigh arán- modh fiosraithe sa taighde (grádaithe 4:2:0)

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** infheidhmitheacht a bhaineann le harán a dhéanamh sa bhaile – *ceisteanna acmhainní: am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil, fáil ar chomhábhair; etc.* **(c)** costas i gcomparáid le táirge cosúil leis atá ar fáil go tráchtálach.

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh**

**Tasc 5**

| |
|---|
| Deimhníonn an infhiaghteacht ar réimse leathan cineálacha, brandaí agus blasanna iógairt ar sheilfeanna siopaí go bhfuil go leor rogha ann do thomhaltóirí.<br><br>Déan taighde ar na cineálacha difriúla, brandaí agus blasanna iógairt ar fáil (déan tagairt do chineál, branda, blas, cion siúcra, cion saille agus costas).<br>Agus trí bhranda éagsúla den chineál céanna agus den bhlas céanna in úsáid déan **tástáil tosaíochta rangaithe** lena fháil amach cad é an iógart is fearr laistigh de do ghrúpa.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas ón tástáil. 2023 |

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *taighde ar na cineálacha difriúla iógairt atá ar fáil (brandaí, méid cócó, blasanna agus praghas)*
- *tástáil tosaíochta rangaithe*
- *coinníollacha le smachtú le linn tástála*
- *táirgí roghnaithe (brandaí difriúla iógairt, cineál céanna agus blas céanna)*

**Fiosrúchán.** **(24 marc)**

- **Taighde/fiosrúchán ar na táirgí a oireann don tástáil**
  *i e. taighde ar na cineálacha agus na brandaí difriúla iógairt atá ar fáil .i. dean tagairt do chineálacha brandaí, blasanna, cion siúcra, cion saille, costas; srl.*

- **Tástáil Tosaíochta Rangaithe**

**Tuairisc:** *tugtar 3 shampla códaithe den iógart don tástálaí – 3 bhranda dhifriúla, an cineál agus an blas céanna; agus cuireann an tástálaí in iúl an méid a thaitníonn na samplaí leo; srl..*
**Aidhm na tástála:** *le cinntiú cé acu ceann de na trí bhranda iógairt, an cineál agus blas céanna is mó a thaitníonn le tástálaithe; srl.*
**Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann**: *ordú a shannadh do na samplaí den iógart de réir rogha na dtástálaithe; srl.*

- **Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**

Sainchoinníollacha don tasc .m.sh. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí ar an gcuma chéanna de gach sampla; códúchán na samplaí; amú na tástála; áit a ndéantar an tástáil; leagadh trádairí; sláinteachas; ceisteanna maidir le réim bia ; etc.
**Mias roghnaithe/táirge**
**Táirgí roghnaithe: -** 3 bhranda dhifriúla iógairt den chineál céanna agus den bhlas céanna. **(4 mharc)**

**Foinsí Eolais: 2 @ 2 mharc** **(4 mharc)**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní (2 mharc) (**grádaithe 2:1:0). **(8 marc)**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh (6 marc)** grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)

**Tástáil Tosaíochta Rangaithe:** *6 thrádaire; 6 ghloine uisce, 18 coimeádán códaithe, 6 shampla de iógart A; 6 shampla de iógart B; 6 shampla de iógart C; 6 scórchárta; spúnóga; bileog tuairisce; pinn; srl.* . An uimhir ag brath ar mhéid an ghrúpa thástála

**Cur i bhFeidhm** **(16 marc)**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh**
*Ba chóir an tsraith iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus ba chóir na torthaí a chur i láthair.*

**Tástáil Tosaíochta Rangaithe (3 tháirge)**

**Bunaithe ar 6 Thástálaí:**

*Códaigh 18 coimeádán , 6 choimeádán le siombail ■, 6 choimeádán le siombail ● ;agus 6 choimeádán le siombail ▲ cuir samplaí den iógart i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe leis an siombail ■ coimeádán amháin le siombail ●, coimeádán amháin le siombail ▲ , leanann na tástálaithe na treoracha ar an scórchárta, blasaigh gach sampla; cuir rogha in iúl le rogha 1 a chur taobh leis an sampla is fearr, rogha 2 in aice leis an gcéad rogha eile, rogha 3 in aice leis an gceann is lú a thaitníonn; bailítear na scórchártaí comhlíonta agus aistrítear na torthaí go dtí bileog tuairisce ullmhaithe; tabhair luach scórála do gach rogha .m.sh. rogha 1 (3 phointe) rogha 2 (2 phointe) agus rogha 3 (1 phointe) – tig leis na luachanna seo a bheith difriúil, nuair a dhéantar na torthaí a thaifeadadh ríomh an scór le haghaidh gach táirge – déan líon na dticeanna i ngach bosca a iolrú faoin luach scórála a sannadh don rogha sin; taispeántar na cóid agus cuirtear torthaí i láthair; féadtar torthaí a chur i láthair ar bharrachairt/ píchairt/ tábla; nigh na gréithe; measúnaigh na torthaí; srl.*

**Príomhchúinsí le cinntiú go n-éiríonn leis an tasc seo (*2 cheann @ 4 mharc*)** (grádaithe 4:2:0) **(8 marc)**

*Príomhchúinsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun a chinntiú go n-éiríonn leat sa tasc seo - **coinníollacha faoi smacht** le linn tástála – códú; rogha táirgí a úsáideadh; samplaí teochta; ionannas na samplaí le haghaidh tástála; méid leordhóthanach; gloine uisce nó craicear tirim ann chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn tástála; fanann códúchán ar gach tráidire mar an gcéanna; níor chóir go spreagfadh na cóid a úsáidtear aon chlaonadh i measc na dtástálaithe; níor chóir go mbeadh aon bhaint ag daoine a dhéanann an tástáil leis an gcódú agus le samplaí a shocrú nó le torthaí a thiomsú; srl.*

**Sábháilteacht agus Sláinteachas**

**Sábháilteacht**: ***1 phointe @ 2 mharc*** **Sláinteachas: *1 phointe @ 2 mharc*** **(**grádaithe 2:1:0**) (4 mharc)**

***Sábháilteacht:*** *tástálaithe le hailléirgí – táirge le cnónna, srl.; réimeanna bia ar leith i.e. céiliach, diaibéiteas, éadulaingt ar lachtós srl.; táirgí le breiseáin/uimhreacha E; srl.*

***Sláinteachas:*** *dea-chleachtas maidir le hionad ullmhúcháin agus le hionad tástála; úsáid spúnóga ar leith le gach sampla a thástáil chun an éilliú a sheachaint;*
*láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire; srl.*

**Measúnúchán** **(*3 phointe @ 4 mharc an ceann*) (**grádaithe 4:3:2:0) (**12 marc)**

**Cur i bhFeidhm**

*Measúnaigh cur I bhfeidhm na tástála le tagairt do na príomh fhachtóirí chun a chinntiú go n-éireoidh leis; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; etc.*

**Riachtanais sainiúla an taisc**

*Measúnaigh na torthaí a bhfuarthas don tástáil agus tarraing roinnt conclúidí.*
*Glac le hanailís ar na fachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas. .i. an chúis ar thaitin branda ar leith leis na tástálaithe; an chúis ar rangaíodh iad san ord san tosaíochta; srl.*

## ***Aguisín 1*** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***cheithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc do 2023 de bharr coigeartuithe.**

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán***, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marc pro-rata.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, m.sh.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte – Tasc 1,2,4
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** m.sh. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

,